Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta

An tSonraíocht nua

CC BY NC

Oide

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Forléargas ar an EFG

Oide

Seisiún 1 09:15 - 11:00	Comhthuiscint ar Shonraíocht Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta lena n-áirítear téamaí trasghearrtha na hEitice agus na hInbhuanaitheachta sa Chuntasaíocht agus na Teicneolaíochta Digití sa Chuntasaíocht
Sos 11:00 - 11:20	
Seisiún 2 11:20 - 13:00	Cuimhnigh ar bhunphrionsabail shnáithe na Cuntasaíochta, a ról chun tuiscint a fhorbairt ar na bunphrionsabail agus na luachanna sa Chuntasaíocht
Lón 13:00 - 14:00	
Seisiun 3 14:00 - 15:45	Ár dtuiscint ar théamaí trasghearrtha sa Chuntasaíocht a fheabhsú agus cuirfimid lenár dtuiscint ar na torthaí foghlama.














Tacaíochtaí le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta

Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí – Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta
Amlíne molta le haghaidh na nEispéaras Foghlama Gairmiúla



5 x EFG Lánlae | 2 x Imeacht Chomhoibríocha | 4 x Ceardlann| 5 x Seimineár Gréasáin


Ábhair Thacaíochta

https://tinyurl.com/3kkyj5ft



Ábhair Fhoghlama Ghairmiúla

tinyurl.com/maux2hun



Liostaí Seachadta Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


Intinní Foghlama: Seisiún 1

Déanfaidh muid an méid seo a leanas:

- Aithneoidh muid an réasúnaíocht agus na haidhmeanna atá thaobh thiar den tsonraíocht
- Cuirfidh muid lenár dtuiscint ar na ceithre shnáithe agus ar an dá théama trasghearrtha sa tsonraíocht.

Na Príomhdhoiciméid








Na doiciméid pholasaithe atá faoin tSonraíocht nua

Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí





Fíor 1: *Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, 2025, L. 8.*
Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mhianaítear leo

Forléargas Sonraíochta



Fíor 3: *Sonraíocht Churaclam le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, 2025, lch. 11.* Léargas ar an tSonraíocht.

Téamaí trasghearrtha

"Forbraítear na scileanna sin de réir a chéile le himeacht aimsire agus leis na torthaí foghlama trasna na ceithre shnáithe soláthraítear deis do na scoláirí a gcuid tuisceana ar an gcuntasaíocht a chur i bhfeidhm fad atá siad ag obair le sonraí agus/nó faisnéis airgeadais de láimh agus go digiteach araon”



Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, 2025, lch 28

Forléargas ar an tSonraíocht

- Meán Fómhair 2027
- Íoslíon de 180 uair thréimhse teagmhála an ranga
- Ardleibhéal agus gnáthleibhéal
- An Chéad Scrúdúchán Ardteistiméireachta i Meitheamh 2029
- An Measúnú: Scrúdúchán Scríofa 60% agus Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB) 40%



Measúnacht

- Comhpháirt Measúnaithe Breise – An Chuntasaíocht Fheidhmeach
- 40% den Ghrád Deiridh
- Treoir Chomónta
- De réir coimre, measúnú praiticiúil digiteach a bheidh san CMB agus cuirfear i gcrích é i dtimpeallacht mhaoirsithe rialaithe.

Comhpháirt mheasúnaithe	Ualú	Leibhéal
An Chuntasaíocht Fheidhmeach	40%	Treoir chomónta
Scrúdú scríofa	60%	Ardleibhéal agus gnáthleibhéal

Fíor 4: *Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistimeireachta 2025, lch 29.*
Tábla 2: Achoimre an mheasúnaithe i gcomhair teistiúcháin

Gníomhaíocht: An Réasúnaíocht agus na Spriocanna

Léigh an réasúnaíocht agus na spriocanna le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta (Lch 4-5)



Cad iad na príomhinniúlachtaí a bhfuil baint acu leis an saol laethúil is féidir le scoláirí a shealbhú as bheith ag déanamh staidéar ar an gcuntasaíocht?



3 nóim.

5 nóim.

Forléargas Sonraíochta



Fíor 3: *Sonraíocht Churaclam le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, 2025, lch 11.* Léargas ar an tSonraíocht.

Na Snáitheanna

Snáithe 1: Bunrudaí na Cuntasaíochta

Snáithe 1: Torthaí foghlama

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí
1.1 Saol na Cuntasaíochta	
• feidhm na cuntasaíochta, lena n-áirítear ról an chuntasóra maidir le faisnéis airgeadais a bhainistiú chun feidhmíocht an ghnólachta a scrúdú agus moltaí eolacha eiticiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh.	1. feidhm na cuntasaíochta agus ról an chuntasóra.
• an chuntasaíocht airgeadais agus an ról atá aici chun idirbhearta airgeadais gnólachta a thaifeadadh, a achoimriú, a léirmhíniú agus a thuairisciú; cuntasaíocht bhainistíochta lena n-áirítear costáil táirgí, buiséadú agus réamhaisnéisiú.	2. comparáid a dhéanamh idir ról an chuntasóra airgeadais agus ról an chuntasóra bainistíochta.
• ábharthacht staidéar na cuntasaíochta go pearsanta agus go gairmiúil araon lena n-áirítear raon na gconairí gairme féideartha, na róil éagsúla laistigh de roinn cuntasaíochta agus na freagrachtaí a ghabhann leis na róil sin.	3. breac-chuntas a thabhairt ar dheiseanna pearsanta agus gairmiúla difriúla a thairgtear trí staidéar a dhéanamh ar an gcuntasaíocht.



Na Snáitheanna

Snáithe 1: Bunrudaí na Cuntasaíochta


1.8 Ról na Teicneolaíochta sa Chuntasaíocht	
• tábhacht na teicneolaíochta le haghaidh cleachtais chuntasaíochta agus ról na teicneolaíochta maidir le feabhas a chur ar ullmhú cuntas lena n-áirítear cruinneas níos fearr, coigilteas ama, éifeachtúlacht costais, comhlíontacht agus slándáil níos fearr, na himpleachtaí eiticiúla a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta sa chuntasaíocht, lena n-áirítear príobháideacht sonraí, an chibearshlándáil, Intleacht Shaorga (IS) agus an tionchar ar an gcuntasaíocht.	1. breac-chuntas a thabhairt ar thábhacht na teicneolaíochta sa chuntasaíocht agus ar na himpleachtaí eiticiúla a bhaineann leis an teicneolaíocht a úsáid sa chuntasaíocht.
• an tábhacht a bhaineann le bearta bainistithe sonraí, lena n-áirítear bearta cúltaca agus slándála i gcomhthéacs theicneolaíocht na cuntasaíochta.	2. tuiscint ar an ngá le bainistíocht sonraí a thaispeáint.
1.9 Scileanna cuntasaíochta digiteacha a thaispeáint	
• úsáid bogearraí feidhme lena n-áirítear sonraí a iontráil, foirmlí cuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm, agus oibriú le scarbhileoga iomadúla agus an chaoi ar féidir iad a úsáid chun córais na hiontrála dúbailte a ullmhú.	1. scileanna digiteacha a úsáid chun do chuid foghlama a chur i bhfeidhm maidir le córais na hiontrála dúbailte.



Na Snáitheanna

Snáithe 2: Ráitis Airgeadais Trádálaí Aonair a Ullmhú agus a Anailísiú

2.2 Ráitis airgeadais a ullmhú • Ráitis Airgeadais trádálaí aonair a ullmhú lena náirítear Ráiteas Brabúis agus Caillteanais agus Ráiteas Staide Airgeadais, agus úsáid á baint as comhardú trialach, agus coigeartuithe deiridh bliana a dhéanamh. • míreanna a bhaineann go sonrach le trádálaí aonair a bhainistiú, lena n-áirítear tarraingtí arna dtógáil ag an úinéir i bhfoirm stoic, airgid thirim, costais a íocadh nó	1. tacar de ráitis airgeadais gnólachta trádálaí aonair a ullmhú.
2.6 Scileanna cuntasaíochta digiteacha a thaispeáint • úsáid bogearraí feidhme lena n-áirítear sonraí a iontráil, foirmlí uimhriúla agus coinníollacha cuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm, oibriú le scarbhileoga iomadúla agus cairteacha agus graif a ullmhú, agus an chaoi ar féidir é sin a úsáid chun ráitis airgeadais trádálaí aonair a ullmhú, a anailísiú, a léirmhíniú agus a mheasúnú chun bonn eolais a chur faoi mholtaí agus faoin gcinnteoireacht.	1. scileanna digiteacha a úsáid chun do chuid foghlama a chur i bhfeidhm maidir le ráitis airgeadais trádálaithe aonair.



Na Snáitheanna

Snáithe 3: Ráitis Airgeadais Cuideachta Teoranta a Ullmhú agus a Anailísiú

3.3 Cuntais a Léirmhíniú

- na príomh-chomhpháirteanna de ráitis airgeadais, lena n-áirítear nótaí, na láidreachtaí agus na laigí a nochtar leo faoi fheidhmíocht agus staid airgeadais cuideachta teoranta.
- feidhm, léirmhíniú, agus feidhmiú cóimheas airgeadais,[3] lena n-áirítear an chaoi le hiad a ríomh agus úsáid á baint as foirmlí tugtha, agus measúnú a dhéanamh ar na buntáistí agus na srianta a ghabhann leo maidir le measúnú a dhéanamh ar staid airgeadais gnólachta faoi na ceannteidil brabúsacht, gníomhaíocht, leachtacht, sócmhainneacht agus infheisteoirí.
- anailís a dhéanamh ar shonraí airgeadais le himeacht aimsire chun treochtaí a shainaithint, feidhmíocht gnólachta a mheasúnú, agus moltaí eiticiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh.

1. ráitis airgeadais cuideachta teoranta a anailísiú.
2. na cóimheasa tugtha a ríomh agus breac-chuntas a thabhairt ar fheidhm, buntáistí agus srianta cóimheas tugtha.
3. treochtaí a shainaithint le himeacht aimsire nó idir cuideachtaí, réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú a mheasúnú agus moltaí eiticiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh.



Na Snáitheanna

Oide

Snáithe 3 Ráitis Airgeadais Cuideachta Teoranta a Ullmhú agus a Anailísiú

3.5 Scileanna cuntasaíochta digiteacha a thaispeáint

- úsáid bogearraí feidhme lena n-áirítear sonraí a iontráil, foirmlí cuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm, oibriú le scarbhileoga iomadúla agus cairteacha agus graif a ullmhú, agus an chaoi ar féidir é sin a úsáid chun ráitis airgeadais cuideachta teoranta a ullmhú, a anailísiú, a léirmhíniú agus a mheasúnú chun bonn eolais a chur faoi mholtaí agus faoin gcinnteoireacht.

1. scileanna digiteacha a úsáid chun do chuid foghlama a chur i bhfeidhm maidir le ráitis airgeadais cuideachtaí teoranta.



Na Snáitheanna

Snáithe 4: Cinnteoireacht Eolasach

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí
4.1 Rangú Costais • na ranguithe costais éagsúla lena n-áirítear costais dhíreacha, costais indíreacha, costais ábhartha, costais neamhábhartha, costais bháite* agus deischostais.	1. tuiscint ar thionchar na ranguithe costais ar chinntí gnó a thaispeáint.
4.5 Scileanna cuntasaíochta digiteacha a thaispeáint • úsáid bogearraí feidhme lena n-áirítear sonraí a iontráil, foirmle chuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm, oibriú le scarbhileoga iomadúla agus cairteacha agus graif a ullmhú agus an chaoi ar féidir leo iad a úsáid chun anailís chóimheá agus buiséid a ullmhú, a anailísiú, a léirmhíniú agus a mheasúnú, agus athruithe ar chostáil imeallach agus costáil ionsúcháin a thaispeáint chun bonn eolais a chur faoi mholtaí agus cinnteoireacht.	1. scileanna digiteacha a úsáid chun do chuid foghlama a chur i bhfeidhm maidir le feidhmeanna cuntasaíochta bainistíochta.



Briathra Gnímh

Déan cur síos ar an méid ba cheart do scoláire a bheith in ann a dhéanamh

Tá briathra gnímh le fáil sna torthaí foghlama

Aguisín 1: Gluais na mBriathra Gnímh a thugann le fios an méid atá i ngach briathar gnímh i gcomhthéacs Shonraíocht na Cuntasaíochta

Ba cheart do na múinteoirí agus na scoláirí a bheith eolach ar na briathra gnímh sin



Aguisín 1: Gluais de Bhriathra Gnímh

Briathar gnímh	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí
Aithin (sonraí/faisnéis)	fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint.
Anailísigh	staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí agus/nó moltaí a dhéanamh.
Asbhain	na cuntais mhórleabhair a chomhardú agus na hiarmhéideanna deiridh a bhaint chun comhardú trialach a ullmhú.
Coigeartaigh	iontrálacha airgeadais, iarmhéideanna nó cuntais a mhodhnú nó a cheartú chun faisnéis chruinn agus nuashonraithe a léiriú.
Cuir i bhfeidhm	faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú agus iad sin a thaispeáint/a thaifeadadh sna cuntais.
Déan comparáid	cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd.
Iniúch	breathnú, staidéar nó scrúdú a dhéanamh go mion chun fíricí a chinntiú, agus teacht ar léargais agus/nó conclúidí nua.
Léirmhínigh	eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar.
Meas	nádúr, cumas, cáilíocht nó luach ruda a mheas, a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh.
Measúnaigh (sonraí/faisnéis)	sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna.
Mínigh	faisnéis, coincheapa nó próisis a chur in iúl go soiléir ar bhealach lena gcinntítear tuiscint, ach í nó iad a bhriseadh síos go mínic i dtéarmaí níos simplí agus príomhphointí a léiriú agus samplaí á n-úsáid, nuair is cuí.
Ríomh	teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach.
Sainaithin	patrúin, fíricí, samplaí nó mionsonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíric nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair.
Samhaltaigh	smaoineamh, struchtúr, próiseas nó córas a léiriú trí mhodhanna éagsúla amhail focail, léaráidí, cothromóidí, samhlacha fisiciúla nó ionsamhlúcháin; samhlacha a úsáid le cur síos, míniú, tuartha a dhéanamh agus fadhbanna a réiteach, agus é á aithint go mbaineann teorainneacha le gach samhail.
Scrúdaigh	breathnú go grinn ar argóintí, sonraí, faisnéis agus/nó scéalta d'fhonn bunús, barúlacha, peirspictíochtaí, treochtaí agus/nó caidrimh a nochtadh.
Tabhair breac-chuntas	na príomhphointí a thabhairt, gan ach na píosaí faisnéise riachtanacha a thabhairt.
Taifead	idirbheart airgeadais a dhoiciméadú sa timthriall cuntasaíochta, agus é á chinntiú go ndéantar é a ríomh agus a chur isteach go cruinn sna cuntais nó sna mórleabhair chuí. Is éard atá i gceist leis sin scileanna láimhe agus digiteacha a úsáid chun na méideanna cearta a fháil amach.
Taispeáin	míniú a thabhairt, agus é a léiriú le samplaí nó feidhm phraiticiúil sna cuntais.
Ullmhaigh	an próiseas a bhaineann le faisnéis airgeadais a ríomh, a thiomsú, a eagrú agus a chur i láthair go córasach, de láimh agus go digiteach araon.

Sonraíocht le haghaidh Chuntasaíocht, 2025, lch 34
Aguisín 1: Gluais de Bhriathra Gnímh

Briathra Gnímh

Briathar gnímh	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí
Aithin (sonraí/faisnéis)	fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint.
Anailísigh	staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí agus/nó moltaí a dhéanamh.
Asbhain	na cuntais mhórleabhair a chomhardú agus na hiarmhéideanna deiridh a bhaint chun comhardú trialach a ullmhú.
Coigeartaigh	iontrálacha airgeadais, iarmhéideanna nó cuntais a mhodhnú nó a cheartú chun faisnéis chruinn agus nuashonraithe a léiriú.
Cuir i bhfeidhm	faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú agus iad sin a thaispeáint/a thaifeadadh sna cuntais.
Déan comparáid	cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd.
Iniúch	breathnú, staidéar nó scrúdú a dhéanamh go mion chun fíricí a chinntiú, agus teacht ar léargais agus/nó conclúidí nua.
Léirmhínigh	eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar.
Meas	nádúr, cumas, cáilíocht nó luach ruda a mheas, a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh.
Measúnaigh (sonraí/faisnéis)	sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna.
Mínigh	faisnéis, coincheapa nó próisis a chur in iúl go soiléir ar bhealach lena gcinntítear tuiscint, ach í nó iad a bhriseadh síos go minic i dtéarmaí níos simplí agus príomhphointí a léiriú agus samplaí á n-úsáid, nuair is cuí.

Briathar gnímh	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí
Ríomh	teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach.
Sainaithin	patrúin, fíricí, samplaí nó mionsonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíric nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair.
Samhaltaigh	smaoineamh, struchtúr, próiseas nó córas a léiriú trí mhodhanna éagsúla amhail focail, léaráidí, cothromóidí, samhlacha fisiciúla nó ionsamhlúcháin; samhlacha a úsáid le cur síos, míniú, tuartha a dhéanamh agus fadhbanna a réiteach, agus é á aithint go mbaineann teorainneacha le gach samhail.
Scrúdaigh	breathnú go grinn ar argóintí, sonraí, faisnéis agus/nó scéalta d'fhonn bunús, barúlacha, peirspictíochtaí, treochtaí agus/nó caidrimh a nochtadh.
Tabhair breac-chuntas	na príomhphointí a thabhairt, gan ach na píosaí faisnéise riachtanacha a thabhairt.
Taifead	idirbheart airgeadais a dhoiciméadú sa timthriall cuntasaíochta, agus é á chinntiú go ndéantar é a ríomh agus a chur isteach go cruinn sna cuntais nó sna mórleabhair chuí. Is éard atá i gceist leis sin scileanna láimhe agus digiteacha a úsáid chun na méideanna cearta a fháil amach.
Taispeáin	míniú a thabhairt, agus é a léiriú le samplaí nó feidhm phraiticiúil sna cuntais.
Ullmhaigh	an próiseas a bhaineann le faisnéis airgeadais a ríomh, a thiomsú, a eagrú agus a chur i láthair go córasach, de láimh agus go digiteach araon.

Fíor 5: *Sonraíocht le haghaidh Chuntasaíocht, 2025, lch 34* Aguisín 1: Gluais de Bhriathra Gnímh

Teicneolaíocht Dhigiteach a Léiriú sa Chuntasaíocht

	Eanáir	Feabhra	Márta	Aibreán	Bealtaine	Meitheamh	Iomlán
	€	€	€	€	€	€	€
Fáltais							
Díolacháin ar airgead síos	1500						
Díolacháin Chreidmheasa	35000						
Fáltais iomlána							

	Díolacháin ar Airgead Síos	Díolacháin Chreidmheasa
Eanáir	1500	35000
Feabhra	2000	39000
Márta	1400	34000
Aibreán	500	59000
Bealtaine	2000	32000
Meitheamh	1200	33000

10 nóim.

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Na Príomhinniúlachtaí

“Is féidir na príomhinniúlachtaí a fhorbairt i gCuntasaíocht na hArdteistiméireachta ar réimse bealaí trí rannpháirtíocht na scoláirí leis na torthaí foghlama.

I gCuntasaíocht na hArdteistiméireachta, forbraíonn agus úsáideann na scoláirí an inniúlacht smaointeoireacht agus fadhbanna a reiteach agus iad ag diriú ar shonraí airgeadais a úsáid chun léargas a fháil ar staid airgeadais eagraíochta.”


(Sonraíocht Churaclam le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, *2025, lch. 10*)



Na Príomhinniúlachtaí

Féach ar na Príomhinniúlachtaí ar lch. 3-9, agus breac síos do smaointe ar an tslí ar féidir iad a fhorbairt i scoláirí.

(Príomhinniúlachtaí sa tsraith Shinsearach, lch 3-9)



Ag plé le Torthaí Foghlama agus ag forbairt Príomhinniúlachtaí an Scoláire

Maidir leis an snáithe a sannadh duit, déan cíoradh ar an méid seo a leanas:

Briathar Gníomh	Eolas
Cad é go díreach nach mór don scoláire a bheith in ann a dhéanamh mar a thugtar le fios sa bhriathar gnímh?	Cad é an t-eolas ba cheart don scoláire a fháil as dul i ngleic leis an toradh foghlama seo agus cad é mar a d'fhéadfadh leis tacú le tuilleadh foghlama?
Saintréithe na bPríomhinniúlachtaí	**Eispéiris foghlama**
Cé acu saintréithe na bpríomhinniúlachtaí a d'fhéadfadh na scoláirí a fhorbairt trí dhul i ngleic leis an toradh foghlama seo?	Cad iad na heispéiris foghlama a d'fhéadfá a chruthú chun dul i ngleic leis an toradh foghlama seo?

- Na Príomhinniúlachtaí i ndoiciméad na Sraithe Sinsearaí (lch, 3-9)
- Sonraíocht na Cuntasaíochta, Aguisín 1 Gluais de Bhriathra Gnímh (lch. 34) agus Príomhinniúlachtaí sa Chuntasaíocht (lch. 8)

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Gníomhaíocht: Plé a dhéanamh ar na Snáitheanna

Snáithe 1
l.14-18

Snáithe 2
L.19-21

Snáithe 3
L.22-24

Snáithe 4
L.25-27



10 nóim.



10 nóim.
Grúpa 1-4



10 nóim.



5 nóim.

Agus tú ag fiosrú, smaoinigh ar an méid seo:

Cad é mar a chuirfidh tú teicneolaíocht dhigiteach san áireamh chun eolas a dhéanamh don teagasc, don fhoghlaim agus don measúnú chun torthaí agus eispéiris foghlaimeoirí a fheabhsú?

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Intinní Foghlama: Seisiún 1

Sa seisiún seo, rinne muid an méid seo a leanas:

- D'aithin muid an réasúnaíocht agus na haidhmeanna atá thaobh thiar den tsonraíocht
- Chuir muid lenár dtuiscint ar na ceithre shnáithe agus ar an dá théama trasghearrtha sa tsonraíocht.

Sos



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta

Seisiún 2

CC BY NC

Intinní Foghlama: Seisiún 2

Sa seisiún seo, déanfaidh muid...

- Ár dtuiscint ar an snáithe, Bunrudaí na Cuntasaíochta, a fhorbairt chomh maith lenár dtuiscint ar an dóigh a dtacaíonn sé leis na snáitheanna eile
- Plé níos doimhne ar an ngné maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú sa tsonraíocht, agus an Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht a chur san áireamah

Bunrudaí na Cuntasaíochta

"Trí bheith ag plé leis an bhfoghlaim sa snáithe sin, forbróidh na scoláirí an tuiscint atá acu ar rialacha na cuntasaíochta agus beidh deiseanna acu forbairt a dhéanamh ar a gcuid eolais agus taithí ar chur i bhfeidhm praiticiúil an timthrialla cuntasaíochta ... le linn dóibh a bheith ag plé leis an bhfoghlaim i Snáitheanna 2, 3 agus 4."

(Sonraíocht le haghaidh Chuntasaíocht, 2025, lch14)




Bunrudaí na Cuntasaíochta.

“Ceapadh an snáithe seo mar fhréamhacha na sonraíochta. Tá sé beartaithe go n-amharcfaidh na scoláirí ar na coincheapa arís sa snáithe seo agus go gcuirfidh siad leo ar feadh an staidéir dhá bhliain a dhéanfaidh siad.”

(Sonraíocht le haghaidh Chuntasaíocht, 2025, lch.14)



Gníomhaíocht: Snáithe 1 a fhiosrú





Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Snáithe 1: Bunrudaí na Cuntasaíochta

"Leis an snáithe seo, tacaítear leis na scoláirí tuiscint a fhorbairt ar na prionsabail agus na luachanna príomha atá mar bhonn faoin gcuntasaíocht."

(Sonraíocht le haghaidh Chuntasaíocht, 2025, lch 14)





Bunrudaí na Cuntasaíochta

Ag baint úsáid as snáithe 1 chun tacú le foghlaim an scoláire thar gach snáithe

Snáithe 1
L. 14-18



Snáithe 2
L. 19-21

Snáithe 3
L. 22-24

Snáithe 4
L. 25-27

Cuimhnigh ar an **tslí a dtacaítear le foghlaim an scoláire** i snáitheanna 2,3, agus 4 mar gheall ar na réimsí foghlama i snáithe 1

Gníomhaíocht: Bunrudaí na Cuntasaíochta

Ag baint úsáid as snáithe 1 chun tacú le foghlaim an scoláire thar gach snáithe



Tortha Foghlama	Nasc le Snáithe 1: Bunruda na Cuntasaíochta
2.5.1 - an fáth a bhféadfadh trádálaí aonair a chinneadh clárú mar chuideachta theoranta a mhíniú.	**1.2.1** - **idirdhealú a dhéanamh** idir foirmeacha difriúla struchtúr gnólachtaí **1.2.2 -** na ceanglais atá i bhfeidhm ag CRO ar chuideachtaí maidir le clárú agus comhdú **a iniúchadh.**

Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Gníomhaíocht: Bunrudaí na Cuntasáiochta

Ag baint úsáid as snáithe 1 chun tacú le foghlaim an scoláire thar gach snáithe

Snáithe1
L.14-18

A
Snáithe 2
L.19-21

B
Snáithe 3
L.22-24

C
Snáithe 4
L.25-27

Maidir leis an snáithe a tugadh duit:

Smaoinigh ar an dóigh ar féidir leis na réimsí foghlama laistigh de shnáithe 1 **tacú le foghlaim na scoláirí** sa snáithe sin.

15 nóim.

5 nóim.

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Teagasc agus Foghlaim

> “Ba cheart do mhúinteoirí réimse leathan cur chuige a úsáid lena gcothaítear inniúlacht maidir le coincheapa bunúsacha agus cumas na scoláirí sa chuntasaíocht, sa tuairisciú, sa léirmhíniú agus sa chinnteoireacht á fhorbairt.”

(Sonraíocht le haghaidh Chuntasaíocht, 2025, lch 28)



Teagasc agus Foghlaim

"Ba cheart na scoláirí a spreagadh chun an t-eolas agus na scileanna a fhaigheann siad a cheangal le comhthéacsanna gnó sa saol mar atá.Trí aird a tharraingt ar an nasc idir an chuntasaíocht agus a cuir i bhfeidhm lastall den seomra ranga, cuideofar leis na scoláirí luach an ábhair a léirthuiscint – ní hamháin mar ábhar scoile ach mar thairseach chuig deiseanna pearsanta agus gairmiúla sa domhan níos leithne."



3 nóim.

(Sonraíocht le haghaidh Chuntasaíocht, 2025, lch 28)

Leabharchoimeád Iontrála Dúbailte

1.5.1

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí
1.5 Leabharchoimeád Iontrála Dúbailte • feidhm an leabharchoimeádta iontrála dúbailte lena sainaithnítear na cáipéisí foinseacha le haghaidh idirbheart agus lena dtugtar breac-chuntas ar an gcaoi ar cheart iad a thaifeadadh i gcomhréir leis an gcothromóid chuntasaíochta.	1. leabharchoimeád iontrála dúbailte, agus an chaoi a n-úsáidtear é chun idirbhearta a thaifeadadh, a mhíniú.

Cothromóid chuntasaíochta	Taispeánann an chothromóid chuntasaíochta an dá thaobh de gach idirbheart airgeadais agus sloinntear í mar a leanas: Sócmhainní – Dliteanais = Cothromas Ní mór don chothromóid sin a bheith fíor i gcónaí i gcás gach idirbhirt airgeadais. Léiríonn sócmhainní an ghnólachta lúide a dhliteanais an méid atá dlite don úinéir (.i. cothromas).

Teagasc ar mhaithe le Foghlaim na Scoláirí
Cás-staidéar: Leabharchoimeád Iontrála Dúbailte

Tá tú ag obair i roinn chuntasaíocht ghnóthach in Phoenix Ltd. Tá an leabharchoimeád iontrála dúbailte do mhí Iúil 2026 curtha i gcrích ag comhghleacaí i roinn na cuntasaíochta agus cé go bhfuil an comhardú trialach atá i gceist comhardaithe, thug athbhreithniú le fios go bhfuil cúpla earráid ann ní mór duit aird a dhíriú orthu:

Earráidí a aimsíodh:

- Ar an 11/6/26 fágadh glandíolacháin chreidmheasa de €1,800 san iomlán le Holland Ltd ar lár ar fad
- Ar an 9/6/26 taifeadadh ceannacháin chreidmheasa ó Sheridan Ltd de €799.50 san iomlán go míchruinn mar McKeown Ltd sa mhórleabhar trádála iníoctha
- Ar nóta creidmheasa ó Sheridan Ltd ar an 5/6/26, luadh na hearraí ar ais sa bharraíocht ag €1,230 (méid iomlán de €1000 móide CBL) seachas an glanmhéid cruinn de €100.

Socraíonn tú ar thuarascáil achomair a sholáthar maidir leis an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid sa Chuntasaíocht lena n-áirítear tagairt don chruinneas, éifeachtúlacht ama agus bileoga oibre éagsúla a úsáid chun idirbhirt iontrála dúbailte a thaifeadadh.

Teagasc ar mhaithe le Foghlaim na Scoláirí
Cás-staidéar: Leabharchoimeád Iontrála Dúbailte

Dáta	Trádálacha Infhála	Sonrasc	Glanluach	CBL (Cáin) 23%	Oll-luach
01/06/2026	Holland ltd	450	1,200.00	276.00	1,476.00
02/06/2026	Kenny	451	4,000.00	920.00	4,920.00
05/06/2026	Jones ltd	452	3,000.00	690.00	3,690.00
06/06/2026	Kenny	453	10,000.00	2,300.00	12,300.00
09/06/2026	Holland ltd	454	4,500.00	1,035.00	5,535.00
10/06/2026	Jones ltd	455	260.00	59.80	319.80
12/06/2026	Jones ltd	457	1,000.00	230.00	1,230.00
14/06/2026	Holland ltd	458	7,000.00	1,610.00	8,610.00
				0.00	0.00
			30,960.00	**7,120.80**	**38,080.80**

Mórleabhair Phoenix Ltd

Dáta	Sonraí	Iomlán	Dáta	Sonraí	Iomlán

Mórleabhar Ginearálta

Cuntas na nDíolachán

			30/06/2026	Earraí trádála infhaighte	0
30/06/2026	Iarmhéid t/s	30,960.00			
		30,960.00			30,960.00
			01/07/2026	Iarmhéid tugtha anuas	30,960.00

Comhardú trialach amhail ar 30/6/2026	DR	CR
Cuntas na nDíolachán		30,960.00
Cuntas CBL		5,169.25
Cuntas Aischuir Díolachán	600.00	
Cuntas na gCeannachán	8,885.00	
Cunas Aischuir Ceannachán		1,000.00
Cuntas Bainc	45,000.00	
Cuntas Trealamh	105,000.00	
Cuntas Caipitil		150,000.00
Earraí Trádála Infhaighte		
Cuntas Holland Ltd.	14,883.00	
Cuntas Jones Ltd.	5,239.80	
Cuntas Kenny Ltd.	17,220.00	
Fiachais Trádála Iníoctha		
Cuntas Sheridan Ltd		5,461.20
Cuntas McKeown Ltd		2,945.85
Comhardú trialach amhail ar 30/6/2026		1,291.50
	196,827.80	196,827.80

5 nóim.

Leabhrán, lch 9-10

Scileanna Cuntasaíochta Digiteacha a Thaispeáint

1.9.1

1.9 Scileanna cuntasaíochta digiteacha a thaispeáint

- úsáid bogearraí feidhme lena n-áirítear sonraí a iontráil, foirmlí cuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm, agus oibriú le scarbhileoga iomadúla agus an chaoi ar féidir iad a úsáid chun córais na hiontrála dúbailte a ullmhú.

1. scileanna digiteacha a úsáid chun do chuid foghlama a chur i bhfeidhm maidir le córais na hiontrála dúbailte.

Smaoinigh ar an dóigh a n-athróidh tú do chleachtas teagaisc chun tacú le scoláirí chun a scileanna digiteacha sa Chuntasaíocht a fhorbairt?

5 nóim.

Leabhrán, lch 12

Intinní Foghlama: Seisiún 2

Inniu...

- D’fhorbraíomar ár dtuiscint ar shnáithe bhunrudaí na cuntasaíochta agus d’fhéachamar ar an tslí a dtacaíonn sé leis an bhfoghlaim i snáitheanna eile

- Chaitheamar níos mó ama ag cuimhneamh ar na gnéithe den teagasc, foghlaim, agus measúnú sa tsonraíocht, agus an Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht a chur san áireamh.

Lón



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta

Seisiún 3


CC BY NC

Intinní Foghlama: Seisiún 3

Ar ball...

- Ár dtuiscint ar théamaí trasghearrtha na Teicneolaíochta Digití sa Chuntasaíocht agus na hEitice agus na hInbhuanaitheachta sa Chuntasaíochta a fheabhsú
- Déanfaimid plé ar na deiseanna atá ann do scoláirí chun scileanna sa cuntasaíocht dhigiteach a léiriú
- Cuirfimid lenár dtuiscint ar na torthaí foghlama.


Téamaí trasghearrtha



"Sainaithnítear dhá théama thrasghearrtha: **An Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht,** agus **an Eitic agus an Inbhuanaitheacht sa Chuntasaíocht**, ar féidir lionsa a sholáthar don fhoghlaim laistigh den tsonraíocht leis an dá cheann díobh sin agus atá idirnasctha ar feadh na foghlama de réir mar is cuí."

(Sonraíocht Churaclam le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, *2025, lch. 11*)

Téamaí trasghearrtha



Léigh faoi na téamaí trasghearrtha - An Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht agus an Eitic agus an Inbhuanaitheach sa Chuntasaíocht. Smaoinigh ar an ról atá acu sa Chuntasaíocht.

(Sonraíocht Churaclam le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, *2025, lch 12)*

3 nóim. 3 nóim.

An Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht

> Tá úsáid na teicneolaíochta digití fite fuaite sna ceithre shnáithe sa tsonraíocht agus tacaítear leis na scoláirí tríd sin chun an cumas agus an mhuinín a fhorbairt le bogearraí feidhme a úsáid chun sonraí agus faisnéis airgeadais **a ullmhú, a anailísiú agus a léirmhíniú.**

(Sonraíocht Churaclam le haghaidh Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta, *2025, lch 28*)



AnTeicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht: Cás-staidéar



Chuaigh tú isteach i roinn na cuntasaíochta in Northwest Garments Ltd ní ba luaithe sa bhliain. I ndiaidh measúnú ar choinníollacha oibre ar na mallaibh, cuireadh in iúl don chomhlacht go bhfuil an t-aeráil ina monarcha easnamhach. Moladh don bhainistíocht córas nua scagacháin aeir a shuiteáil chomh luath agus is féidir chun sláinte agus folláine na bhfostaithe a chosaint. Beidh costas tosaigh, aisíocaíochtaí airgeadais fadtéarmacha agus costais chothabhála leanúnacha i gceist leis an gcóras.

Creideann do bhainisteoir líne go mbeidh easnaimh airgid réamh-mheasta mar thoradh ar na híocaíochtaí seo a chur san áireamh sa bhuiséad airgid agus nach mbeidh an comhlacht chomh tarraingteach céanna do cheannaitheoir féideartha. D'iarr sé ort moill a chur ar an gceannach ar feadh roinnt míonna agus na híocaíochtaí gaolmhara a fhágáil as an mbuiséad airgid atá á chur i láthair don bhainistíocht. Áitíonn sé go gcosnódh díolachán rathúil poist na bhfostaithe agus go bhféadfadh na húinéirí nua an córas scagacháin a shuiteáil.

Mhol an bainisteoir líne staid airgid ghearrthéarmach an chomhlachta a fheabhsú chomh maith ach gan freagairt a thabhairt ar sholáthraithe atá ag lorg íocaíochtaí thar téarma agus trí bhrú méadaithe a chur ar chustaiméirí méideanna atá dlite a íoc roimh a ndátaí íocaíochta comhaontaithe.



3 nóim.

Gníomhaíocht: Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht

Fuarthas an t-eolas seo a leanas maidir leis seo:

Táthar ag súil go mbeidh €2500 an t-iarmhéid tosaigh ag tús na tréimhse.

Airgead Isteach:

Measann an gnó na figiúirí díolacháin réamh-mheasta seo a leanas:

	Díolacháin ar Airgead Síos	Díolacháin Chreidmheasa
Eanáir	1500	35000
Feabhra	2000	39000
Márta	1400	34000
Aibreán	500	59000
Bealtaine	2000	32000
Meitheamh	1200	33000

Airgead amach:


Meastar go mbeidh airgead amach sa tréimhse mar seo a leanas:

	Íocaíochtaí ar Airgead Síos	Ceannacháin Chreidmheasa	Pá	Forchostais Inathraitheacha	Forchostais Sheasta	Trealamh
Eanáir	1000	20000	5000	1000	4000	
Feabhra	18000	20000	5400	1200	4000	
Márta	19000	22200	5400	1100	4000	180000
Aibreán	20000	18000	5400	1400	4000	
Bealtaine	21000	21000	5400	1500	4000	
Meitheamh	22000	22000	5400	1300	4000	

	Eanáir	Feab.	Márta	Aibreán	Bealt.	Meith.	Iomlán
	€	€	€	€	€	€	€
Fáltais							
Díolacháin ar Airgead Síos	1500	2000	1400	500	2000	1200	8600
Díolacháin Chreidmheasa	35000	39000	34000	59000	32000	33000	232000
Fáltais iomlána	**36500**	**41000**	**35400**	**59500**	**34000**	**34200**	**240600**
Iocaíochtaí							
Ceannacháin ar Airgead Síos							
Ceannacháin Chreidmheasa							
Pá							
Forchostais Inathraitheacha							
Forchostais Sheasta							
Trealamh							
Iomlán na n-íocaíochtaí							
Airgead glan							
Iarmhéid tosaigh							
Iarmhéid deiridh							

20 nóim.

Gníomhaíocht: Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht



Cad iad na torthaí foghlama atá ábhartha don chás staidéar seo?



Conas atá na téamaí trasghearrtha ábhartha don chás-staidéar seo?



10 nóim.



8 nóim.

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht

4.4.3

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí
• an buiséad airgid a ullmhú, agus tréimhsí agus cúiseanna barrachas nó easnamh a shainaithint agus moltaí eolacha eiticiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh.	3. buiséad airgid a ullmhú agus a anailísiú.



4.5.1

4.5 Scileanna cuntasaíochta digiteacha a thaispeáint	
• úsáid bogearraí feidhme lena n-áirítear sonraí a iontráil, foirmle chuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm, oibriú le scarbhileoga iomadúla agus cairteacha agus graif a ullmhú agus an chaoi ar féidir leo iad a úsáid chun anailís chóimheá agus buiséid a ullmhú, a anailísiú, a léirmhíniú agus a mheasúnú, agus athruithe ar chostáil imeallach agus costáil ionsúcháin a thaispeáint chun bonn eolais a chur faoi mholtaí agus cinnteoireacht.	1. scileanna digiteacha a úsáid chun do chuid foghlama a chur i bhfeidhm maidir le feidhmeanna cuntasaíochta bainistíochta.

Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht: Cás-Staidéar

Fuair tú post le Northwest Garments Ltd le déanaí.

I ndiaidh do thaighde margaidh a rinneadh le déanaí, tá an comhlacht ag smaoineamh ar infheistíocht mhór a dhéanamh i ndéantúsaíocht agus i ndáileadh bróga mara. Chuir comhghleacaí sa roinn cuntasaíochta tús le hobair maidir le hanailís chóimheá chun tacú le cinnteoireacht sa réimse seo, agus anois iarrtar ort an obair seo a chríochnú.

Mar chuid de do ról, táthar ag súil le go ndéanfaidh tú an méid seo a leanas:

- Na figiúirí ionchuir sonraí a chomhlánú atá de dhíth chun pointe cóimheá a áireamh
- Cairt chóimheá a dhéanamh atá in ann eolas a thabhairt ar leibhéil éagsúla díolachán
- Comhairle a thabhairt maidir leis an bhféidearthacht brabúis osnormálta a dhéanamh agus aon chúinsí eiticiúla agus
- Tuarascáil achoimre a thabhairt maidir leis an teicneolaíocht digiteach a úsáid chun tacú le cinnteoireacht eolach laistigh de ghnó.



3 nóim.

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Gníomhaíocht: Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht:


Ioncam (Díolacháin* Aonaid)		4800
Lúide Costais Athraitheacha	40	1600
Cion Tairbhe	80	3200
Lúide Costais Sheasta		2000
Brabús		1200

Díolacháin Phleanáilte (units	40
Praghas Aonaid €	120
Costais Sheasta €	2000
Costais Inathraitheacha €p/u	40

Pointe Cóimheá aonad

Aonaid	Ioncam Iomlán	Costais Sheasta	Costais Iomlána
5	600	2000	2200
10	1200	2000	2400
15	1800	2000	2600
20	2400	2000	2800
25	3000	2000	3000
30	3600	2000	3200
35	4200	2000	3400
40	4800	2000	3600

Costais Inathraitheacha	Brabús
200	-1600
400	-1200
600	-800
800	-400
1000	0
1200	400
1400	800
1600	1200



20 nóim.

Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht: Case Study



Cad iad na torthaí foghlama atá ábhartha don chás staidéar seo?



Cad é mar a bhainfidh tú úsáid as cás-staidéir chun tacú leis an bhfoghlaim i seomra ranga na Cuntasaíochta?

5 nóim.

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht:

Oide

4.3.2

4.3 Costáil Imeallach

- coincheap an chion tairbhe agus ríomh an chion tairbhe ó shonraí tugtha faoi chostais sheasta, costais athraitheacha, costais mheasctha agus praghas díola gnólachta agus a thionchar ar an bpointe cóimheá.

2. tuiscint a thaispeáint ar an gcion tairbhe in aghaidh an aonaid.




4.5.1

4.5 Scileanna cuntasaíochta digiteacha a thaispeáint

- úsáid bogearraí feidhme lena n-áirítear sonraí a iontráil, foirmle chuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm, oibriú le scarbhileoga iomadúla agus cairteacha agus graif a ullmhú agus an chaoi ar féidir leo iad a úsáid chun anailís chóimheá agus buiséid a ullmhú, a anailísiú, a léirmhíniú agus a mheasúnú, agus athruithe ar chostáil imeallach agus costáil ionsúcháin a thaispeáint chun bonn eolais a chur faoi mholtaí agus cinnteoireacht.

1. scileanna digiteacha a úsáid chun do chuid foghlama a chur i bhfeidhm maidir le feidhmeanna cuntasaíochta bainistíochta.

Machnamh: Cad é anois?



Intinní Foghlama: Seisiún 3

Sa seisiún seo...

- D'éirigh linn ár dtuiscint ar théamaí trasghearrtha na Teicneolaíochta Digití sa Chuntasaíocht agus na hEitice agus na hInbhuanaitheachta sa Chuntasaíochta a fheabhsú
- Rinneamar plé ar na deiseanna atá ann do scoláirí chun scileanna sa cuntasaíocht dhigiteach a léiriú
- Chuireamar lenár dtuiscint ar na torthaí foghlama.

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta

Deireadh le seisiún 3.

CC BY NC

Déan teagmháil linn


Eolas, nuacht agus acmhainní



Liostaí Seachadta Oide

Déan teagmháil linn...





@Oide_Ireland

Tagairtí

An Roinn Oideachais (2022). *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais

CNCM (2022). *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach. Tuarascáil Chomhairleach.*

CNCM (2024). *Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach.*

CNCM (2024). *Caipéis eolais agus treoir don athbhreithniú ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta.*

CNCM (2025) *Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta.*

CNCM (2025) T*uarascáil ar an gComhairliúcháin ar dhréachtsonraíocht Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta*.

Rialtas na hÉireann (2024). *Stráitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann, 2024–2033:* Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

Aguisíní

Fíor 1: CNCM (2024). *Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta*, l. 8 Forléargas ar an tSonraíocht.

Fíor 2: CNCM (2024). *Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta*, l. 9 Forléargas ar an tSonraíocht.

Fíor 3: CNCM (2025). *Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta*, l. 11 Forléargas ar an tSonraíocht.

Fíor 4: CNCM (2025). *Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta*, l. 11, l. 29.Táble 2 Achoimre an mheasúnaithe i gcomhair teistiúcháin

Fíor 5: CNCM (2025). *Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta*, l.34. Aguisín 1 Gluais de Bhriathra Gnímh.